Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**8122/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0096 (NLE)**

**AVIATION 85**
**CLIMA 88**
**RELEX 349**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 219 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle maidir leis an tréimhse thagartha atá beartaithe a úsáid chun méadú ar astaíochtaí CO2 a thomhas, chun iarmhairtí phaindéim COVID-19 a chur san áireamh i gcomhthéacs CORSIA |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 219 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 219 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.5.2020
COM(2020) 219 final

2020/0096 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle maidir leis an tréimhse thagartha atá beartaithe a úsáid chun méadú ar astaíochtaí CO2 a thomhas, chun iarmhairtí phaindéim COVID-19 a chur san áireamh i gcomhthéacs CORSIA**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo – a glacadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 – le cinneadh lena n-oiriúnaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir leis an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a mhéid a bhaineann leis an tréimhse thagartha chun méadú ar astaíochtaí CO2 ("bonnlíne") a thomhas.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Chicago agus Comhaontú Pháras

Tá sé d'aidhm ag Coinbhinsiún Chicago ("an Coinbhinsiún") an t-aeriompar idirnáisiúnta a rialú. Tháinig sé i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947 agus is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

I mí na Nollag 2015, ghlac Comhdháil Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, Comhaontú Pháras, arb é is cuspóir dó an méadú domhanda ar an teocht a choinneáil roinnt mhaith faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú go 1.5 °C. Ba cheart do gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach, lena n-áirítear earnáil na heitlíochta idirnáisiúnta.

Tá Ballstáit uile an Aontais ina bpáirtithe sa dá Chomhaontú. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bPáirtithe i gComhaontú Pháras agus thug siad gealltanas i gcomhpháirt a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Is iad aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú. Is breathnóir *ad hoc* é an tAontas in go leor comhlachtaí ICAO (an Comhthionól agus comhlachtaí teicniúla eile).

### 2.3. An Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA)

Ag an 214ú Seisiún dá cuid, an 27 Meitheamh 2018, ghlac Comhairle ICAO na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta (SARPanna), Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) mar Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

De bhun Chinneadh (AE) 2018/2027[1], thug na Ballstáit fógra maidir le difríochtaí do ICAO. I measc na ndifríochtaí sin idir Treoir 2003/87/CE agus CORSIA áirítear, go háirithe, go bhfuil feidhm le Treoir 2003/87/CE gan beann ar náisiúntacht na n-oibreoirí aerárthaí. Cumhdaítear léi, i bprionsabal, eitiltí a imíonn ó aeradróm nó a thagann isteach in aeradróm atá i gcríoch

[1] Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta (SARPanna) maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA), IO L 325, 20.12.2018, lch. 25.

Ballstáit lena mbaineann an Conradh. Tá feidhm aici gan idirdhealú maidir le heitiltí laistigh de na Ballstáit agus/nó tíortha LEE agus eatarthu sin.

I gCuid II, Mír 3.2 de SARPanna ("ceanglais fritháirithe $CO_2$") sonraítear "bonnlíne" le haghaidh meánastaíochtaí bliantúla $CO_2$ le linn 2019 agus 2020 do bhealaí taistil a chuimsítear le CORSIA.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Cúlra

Is éard atá i gceist aird a thabhairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar bhonnlíne CORSIA a úsáidtear chun a chinneadh cé na ceanglais fritháirithe a bheidh ar oibreoirí aerárthaí amach anseo chun fás atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach ó 2020 ar aghaidh.

Is cinnte go mbeidh laghdú substaintiúil ar astaíochtaí $CO_2$ ón eitlíocht idirnáisiúnta in 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19 atá ag dul ar aghaidh go fóill. Bheadh bonnlíne CORSIA i bhfad níos ísle ann mar thoradh ar an bpaindéim mura ndéanfaí sainmhíniú bhonnlíne CORSIA a athbhreithniú, rud a chiallódh go mbeadh ann ceanglais fritháirithe níos airde. Braitheann sé sin freisin, dar ndóigh, ar ráta téarnaimh an aerthráchta idirnáisiúnta agus ar fhorbairt astaíochtaí $CO_2$ ón aerthrácht idirnáisiúnta.

Tá anailís scála déanta ag Coiste ICAO um Eitlíocht agus Cosaint an Chomhshaoil (CAEP) a bhfuil sé mar aidhm léi tionchar phaindéim COVID-19 ar an éileamh ar aonaid astaíochtaí (fritháirimh) faoi CORSIA a chainníochtú, bunaithe ar chásanna difriúla, agus roghanna éagsúla a fhiosrú maidir leis an mbonnlíne. [2]

In anailís CAEP rinneadh roghanna bonnlíne a mheas, idir an *status quo* agus astaíochtaí 2019 a úsáid nó meánastaíochtaí thar níos mó blianta nó fiú meastacháin eachtarshuite de na hastaíochtaí a bheadh ann in 2020 mura mbeadh aon ghéarchéim ann, anailís inar bhfuarthas amach, *inter alia*

– Go bhféadfadh sé go mbeadh astaíochtaí $CO_2$ in 2020 tuairim is 40 % níos ísle ná na leibhéil a raibh coinne leo in 2016;

– Go bhféadfadh sé go mbeadh astaíochtaí tagartha, i dtaca le bonnlíne CORSIA, tuairim is 18 % níos ísle ná na leibhéil sin in 2019;

– Go bhféadfadh tionchar substaintiúil a bheith ag bonnlíne is ísle ar cheanglais fritháirithe iomlána:

  - Céim Phíolótach (2021-2023): ó +280 % i gcás téarnamh V-chruthach go +150 % i gcás téarnamh U-chruthach ina mbeidh buanchailliúint;
  - Na Céimeanna go léir (2021-2035): ó +45 % i gcás téarnamh V-chruthach go -24% i gcás téarnamh U-chruthach ina mbeidh buanchailliúint;

– Gurb é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an mbonnlíne a athrú go 2019 ceanglais fritháirithe:

  - Céim Phíolótach (2021-2023): ag nialas nó gar do nialas go dtí 2023 i gcásanna COVID-19, agus

---

2 Tá staidéir ghaolmhara déanta ag an gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta, ag ICSA agus ag eagraíochtaí eile. Féach, mar shampla: https://www.iata.org/en/policy/environment/corsia/ nó https://www.edf.org/sites/default/files/documents/COVID_CORSIA_baseline_analysis.pdf

- Na Céimeanna go léir (2021-2035): Ó -9 % i gcás téarnamh V-chruthach go -32 % i gcás téarnamh U-chruthach ina mbeidh buanchailliúint;

Ag cruinniú Ghrúpa Stiúrtha CAEP an 11 Bealtaine 2020, formhuiníodh an anailís scála d'aon toil lena breithniú ag Comhairle ICAO sa 220ú seisiún a bheidh aici i mí an Mheithimh 2020.

### 3.2. An seasamh atá á bheartú

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ann faoi láthair[3], ba chur chuige stuama é i dtús báire glacadh, más gá, le coigeartú ar dhearadh CORSIA ionas go leagfaí síos mar bhonnlíne na hastaíochtaí $CO_2$ eitlíochta idirnáisiúnta arna gcumhdach ag CORSIA le linn 2019 amháin, ag cur san áireamh éifeachtacht comhshaoil i ndáil le sprioc ICAO fás atá neodrach ó thaobh carbóin de a áirithiú ó 2020 ar aghaidh, an gá atá le tacaíocht do CORSIA a áirithiú faoi na cúinsí atá mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus le titim ó chéile phríomhghnéithe dearaidh CORSIA a sheachaint, chomh maith leis an bpróiseas dlí in ICAO.

Dá ndéanfadh Comhairle ICAO cinneadh sa seisiún seo bonnlíne CORSIA a choigeartú chuirfí in iúl go bhfuil céimeanna á dtabhairt go gníomhach ag ICAO chun oiriúnú don ghéarchéim agus chothófaí tacaíocht na mBallstát le CORSIA agus a rannpháirtíocht ann. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an phráinn a bhaineann le cinneadh agus an gá atá le comhlíontacht le rialacha rialachais ICAO a áirithiú, féadfaidh sé go leanfadh, tar éis an chinnidh sin ó Chomhairle ICAO, comhairliúchán trí Litir Stáit agus glacadh foirmiúil ag an gcéad Seisiún eile (an 221ú seisiún) de Chomhairle ICAO.

D'fhéadfadh sé gurb iomchuí coigeartuithe gaolmhara a dhéanamh ar ghnéithe dearaidh CORSIA, mar shampla:

– coigeartú comhfhreagrach ar an rogha astaíochtaí 2020 a úsáid mar thagairt chun ceanglais fritháirithe a ríomh le linn na "céime píolótaí" mar a ghairtear di, i.e. an chéad trí bliana de rannpháirtíocht dheonach (2021-2023);

– soiléiriú, agus na ceanglais fritháirithe á ríomh do bhliain faoi leith, nach féidir leis an Toisc Fáis Earnála a bheith diúltach, ionas nach gcuirfear ar neamhní aon cheanglais fritháirithe dhiúltacha i mbliain amháin le ceanglais dhearfacha i mbliain eile den tréimhse chomhlíontachta chéanna.

Thug roinnt Ballstát le fios go bhféadfadh sé go n-úsáidfidís an t-athrú féideartha ar an mbonnlíne mar dheis, chun iarraidh a dhéanamh ar bhonnlínte difriúla do thíortha difriúla, ag brath ar leibhéal forbartha na dtíortha sin, ar an mbliain inar thosaigh a rannpháirtíocht in CORSIA nó ar chritéir eile. Thiocfadh athrú den sórt sin salach ar phrionsabail Rún A40-19, ar Choinbhinsiún Chicago agus ar phrionsabal neamh-idirdhealaithe an Choinbhinsiúin sin, agus leanfadh rioscaí móra go dtitfeadh CORSIA ó chéile dá dheasca.

I gcás ina dtógfadh sé roinnt blianta na leibhéil tráchta agus na leibhéil astaíochtaí gaolmhara a bhaint amach a bhí ann roimh an ngéarchéim, is éard is dócha a bheidh mar thoradh ar bhonnlíne astaíochtaí is airde do 2019 nach mbeidh aon cheanglais fritháirithe ann, nó go mbeidh íoscheanglais fritháirithe ann le linn na céime píolótaí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne go bhfuil foráil i Rún A40-19 ón gComhthionól Ginearálta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar CORSIA gach trí bliana – an chéad cheann acu sin in 2022. Sonraítear ann gur cheart go n-áireofaí sna hathbhreithnithe measúnú ar an dul chun cinn i dtreo bhaint amach sprioc mhianaidhme ICAO glanastaíochtaí domhanda carbóin ón eitlíocht idirnáisiúnta a choinneáil ar an leibhéal céanna ó 2020 ar aghaidh; measúnú ar thionchar na scéime, ó thaobh an mhargaidh agus ó thaobh costais de, ar Stáit agus ar oibreoirí aerárthaí agus ar an eitlíocht idirnáisiúnta; agus measúnú ar fheidhmíocht gnéithe dearaidh na scéime;

[3] Go háirithe ó CAEP ICAO.

agus machnamh a dhéanamh ar fheabhsuithe ar an scéim a thacódh le cuspóir Chomhaontú Pháras, go háirithe a spriocanna fadtéarmacha teochta; agus machnamh a dhéanamh freisin ar ghnéithe dearaidh na scéime a nuashonrú chun cur chun feidhme a fheabhsú, éifeachtacht a mhéadú agus saobhadh margaidh a íoslaghdú.

Cuirtear béim ar ábharthacht an athbhreithnithe sin leis an ngá atá le comhsheasmhacht a áirithiú le sprioc mhianaidhme fhadtéarmach i ndáil le laghdú astaíochtaí CO2 a bheidh le meas ag an gComhthionól.

Ag brath ar ráta téarnaimh an aerthráchta idirnáisiúnta agus ar a mhéid a chuireann CORSIA le sprioc mhianaidhme fhadtéarmach i ndáil le laghdú astaíochtaí $CO_2$, d'fhéadfadh sé gurb ábhartha athmhachnamh a dhéanamh ar leibhéal uaillmhéine CORSIA, agus, b'fhéidir, ceist na bonnlíne a chur san áireamh ansin tráth an athbhreithnithe amach anseo. Bheadh ardú ar leibhéal uaillmhéine CORSIA i gcomhréir le seasamh an Aontais a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle.

Dá dtiocfadh athrú ar sheasamh an Aontais maidir le CORSIA, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, ní dhéanfadh sin difear ann féin do thacaíocht an Aontais Eorpaigh don bheartas is bunús le sprioc mhianaidhme ICAO fás atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach ó 2020 ar aghaidh, mar a bhunaítear le Rún A40-19 ón gComhthionól Ginearálta.

## 4. COMHSHEASMHACHT LE BEARTAIS EILE DE CHUID AN AONTAIS

Tá an Cinneadh atá molta i gcomhréir le beartais eile an Aontais, beartais fuinnimh, chomhshaoil agus iompair, go háirithe, agus comhlánaíonn sé go maith iad.

## 5. BUNÚS DLÍ

### 5.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *5.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cibé acu atá an tAontas ina bhall den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[4].

#### *5.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

An gníomh (SARPanna CORSIA) a bhféadfadh sé go n-iarrfar ar Chomhairle ICAO é a leasú, is éard atá ann gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, go háirithe Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

[4] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

### 5.2. Bunús substainteach dlí

I gcomhréir le hAirteagal 192(1) agus 191 CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach leis na cuspóirí seo a leanas *inter alia* a bhaint amach: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó fadhbanna comhshaoil ar fud an domhain, agus go háirithe leis an athrú aeráide a chomhrac.

#### *5.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substainteach dlí maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh bheartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *5.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar na ngníomhartha atá beartaithe le beartas aeráide, i gcomhthéacs na heitlíochta idirnáisiúnta.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús substainteach dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a bheartú.

### 5.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atáthar a bheartú.

2020/0096 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle maidir leis an tréimhse thagartha atá beartaithe a úsáid chun méadú ar astaíochtaí CO2 a thomhas, chun iarmhairtí phaindéim COVID-19 a chur san áireamh i gcomhthéacs CORSIA

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('An Coinbhinsiún'), arb é is aidhm dó aeriompar idirnáisiúnta a rialú, tháinig sé i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Is leis sin a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(2) Is Stáit Chonarthacha de Choinbhinsiún Chicago iad Ballstáit uile an Aontais agus is comhaltaí de ICAO iad, cé go bhfuil stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe ICAO.

(3) I mí na Nollag 2015, ag an 21ú Comhdháil de Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, glacadh Comhaontú Pháras, arb é is aidhm dó an méadú domhanda ar an teocht a choinneáil roinnt mhaith faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú go 1,5 °C. Ba cheart do gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach, lena n-áirítear earnáil na heitlíochta idirnáisiúnta.

(4) In 2016, ag 39ú Comhthionól ICAO, ina Rún A39-3, cinneadh sásra margadhbhunaithe a fhorbairt chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón eitlíocht idirnáisiúnta a theorannú do leibhéil 2020. Bunaíodh seasamh an Aontais i leith mionsaothrú agus glacadh an tsásra sin agus a eilimintí mionsonraithe éagsúla le Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle[1]. Léiríonn an cinneadh sin go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis na cinntí ábhartha a ghlacann Comhairle ICAO, comhlacht a cuireadh ar bun le comhaontú. D'fhéadfaidís teacht chun bheith ceangailteach i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, agus laistigh de na teorainneacha sin a leagtar amach ann, agus d'fhéadfaidís teacht chun bheith ina gceangal ar an Aontais agus ar na Ballstáit freisin, faoi chomhaontuithe aeriompar idirnáisiúnta atá ann faoi láthair.

(5) An 27 Meitheamh 2018, ag an deichiú cruinniú dá 214ú seisiún, ghlac Comhairle ICAO an chéad eagrán d'Imleabhar IV d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an

[1] Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle mí na Bealtaine 2016 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ionstraim idirnáisiúnta atá le tarraingt suas laistigh de chomhlachtaí ICAO agus a bhfuil sé beartaithe gurb é a thiocfadh aisti cur chun feidhme birt dhomhanda mhargadhbhunaithe aonair le haghaidh astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta ó 2020 ar aghaidh (IO L 153, 10.6.2016, lch. 32).

gCoinbhinsiún: na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta ('CORSIA'). Leagtar síos sa téacs seo *inter alia* na luachanna astaíochtaí a úsáidtear chun tosca fáis a ríomh (Toisc Fáis Earnála agus Tosca Fáis na nOibreoirí Aerárthaí araon). Cinntear na luachanna sin mar mheán na n-astaíochtaí $CO_2$ eitlíochta idirnáisiúnta a chumhdaítear ag CORSIA le linn 2019 agus 2020 (ar leibhéal na hearnála agus ar leibhéal na n-oibreoirí aerárthaí aonair).

(6) De bhun Chinneadh (AE) 2018/2027[2], tá fógra tugtha ag na Ballstáit do ICAO faoi na difríochtaí idir Treoir 2003/87/CE agus na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta sin.

(7) Beidh laghdú substaintiúil ar astaíochtaí $CO_2$ ón eitlíocht idirnáisiúnta in 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19 atá ag dul ar aghaidh go fóill[3]. Dá bhrí sin, beidh luachanna astaíochtaí CORSIA i bhfad níos lú mar thoradh uirthi freisin, luachanna a úsáidfear chun tosca fáis a ríomh[4]. Mura leasaítear na luachanna céanna, d'fhéadfadh ceanglais fritháirithe i bhfad níos airde a bheith mar thoradh ar an méid sin, ag brath ar ráta téarnaimh an aerthráchta idirnáisiúnta agus ar fhorbairt astaíochtaí $CO_2$ ón aerthrácht idirnáisiúnta.

(8) Tá gach seans ann, agus go deimhin tá sé tábhachtach, go nglacfaidh Comhairle ICAO cinneadh ag an 220ú Seisiún a bheidh aici an 8-26 Meitheamh 2020, i ndáil le leasú na luachanna astaíochtaí a úsáidfear chun tosca fáis a ríomh faoi CORSIA, agus chun a bheith níos cruinne, i ndáil leis an tréimhse thagartha atá á cur san áireamh ("tréimhse bhonnlíne"). Mar mhalairt air sin, féadfaidh sé go ndéanfadh cinneadh críochnaitheach ar an ábhar sin difear ag an gcéad Seisiún eile (an 221ú seisiún) de chuid Chomhairle ICAO. Thiocfadh an cás sin i gceist, go háirithe, dá measfadh Comhairle ICAO nár mhór comhairliúchán a bheith ann, trí Litir Stáit, sular ndéanfaí an cinneadh sin.

(9) Amhail CORSIA féin, is cinneadh arna ghlacadh ag comhlacht a bunaíodh le comhaontú é aon leasú ar théarmaí CORSIA, cinneadh lena bhfuil éifeachtaí dlíthiúla.

(10) Cé go bhfuil tacaíocht chomhsheasmhach tugtha ag an Aontas agus na Ballstáit do sprioc laghdaithe dhomhanda, i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón eitlíocht idirnáisiúnta, nach mbeidh na hastaíochtaí sin níos airde ná leibhéil 2020, is cosúil gur tagairt do 2019 mar an tréimhse bhonnlíne an tagairt ionadaíoch is cóngaraí is féidir, agus cúinsí mar atá faoi láthair, bunaithe ar fhíorshonraí ar mhaithe le haithris a dhéanamh ar sprioc fhadtéarmach ICAO fás atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach ó 2020 ar aghaidh, mar a bhunaítear le Rún A 39-3. I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn tacaíocht leordhóthanach a chothú agus príomhghnéithe dearaidh CORSIA a chothú, agus bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair, dealraíonn sé gur caoithiúil glacadh le féilire 2019 mar an tréimhse bhonnlíne aonair.

---

2 Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta (SARPanna) maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA), IO L 325, 20.12.2018, lch. 25.

3 D'fhéadfadh sé go mbeadh astaíochtaí $CO_2$ in 2020 tuairim is 40 % níos ísle ná na leibhéil a raibh coinne leo in 2016 (CAEP ICAO, an 11 Bealtaine 2020).

4 D'fhéadfadh sé go mbeadh astaíochtaí tagartha, i dtaca le bonnlíne CORSIA, tuairim is 18 % níos ísle ná na leibhéil sin in 2019 (CAEP ICAO, an 11 Bealtaine 2020).

(11) Níor cheart glacadh leis an rogha mhalartach a ardaíodh sa díospóireacht atá ann faoi láthair, eadhon bonnlínte difriúla a bhunú le haghaidh tíortha difriúla, ag brath ar leibhéal forbartha na dtíortha sin, ar an mbliain inar thosaigh a rannpháirtíocht in CORSIA nó ar chritéir eile. Sárú ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a bheadh ann, mar a mheabhraítear i Rún A40-19, agus d'fhéadfadh sé baol a chruthú nach mbeidh CORSIA in ann leanúint ar aghaidh san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle a leasú ionas go bhféadfaidh an tAontas agus na Ballstáit glacadh le bliain féilire 2019 mar an tréimhse bhonnlíne aonair.

(13) Tá feidhm i gcónaí le prionsabal an athbhreithnithe rialta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne go bhfuil foráil i Rún A40-19 ón gComhthionól Ginearálta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar CORSIA gach trí bliana – an chéad cheann acu sin in 2022. Dá fhad a thógann sé ar an earnáil na leibhéal tráchta agus na leibhéil astaíochtaí gaolmhara a bhaint amach a bhí ann roimh an ngéarchéim, is ea is mó ábharthacht an athbhreithnithe sin. I gcás téarnamh mall, is éard is dócha a bheidh mar thoradh ar bhonnlíne astaíochtaí do 2019 nach mbeidh aon cheanglais fritháirithe ann , nó go mbeidh íoscheanglais fritháirithe ann le linn "chéim phíolótach" CORSIA (2021-2023)[5]. Cuirtear béim ar ábharthacht an athbhreithnithe sin leis an ngá atá le comhsheasmhacht a áirithiú le sprioc mhianaidhme fhadtéarmach i ndáil le laghdú astaíochtaí $CO_2$ atá le meas ag an gComhthionól.

(14) I ndáil le gach earnáil den gheilleagar a bheith ag rannchuidiú le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú, tá an eitlíocht ag rannchuidiú ó 2012 trína cur san áireamh i scéim AE i ndáil le trádáil astaíochtaí. Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus cuirfidh sé togra i láthair chun CORSIA a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le rannchuidiú na hearnála eitlíochta a áirithiú maidir le gealltanas an Aontais gás ceaptha teasa a laghdú fud fad an gheilleagair don bhliain 2030.

(15) Ba cheart Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[5] CAEP ICAO, 11 Bealtaine 2020.